# Gluais

| | |
|---|---|
| **Taobh le Taobh** | |
| **Luasghéarú** | Ag éirí níos tapúla |
| **Aimhrithim** | Buille an chroí atá neamhrialta nó mínormálta go tapaidh nó go mall |
| **Acastóir** | Pionna, pol, nó barra a nascann péire rothaí urchomhaireach ar fheithicil |
| **Amharc Déshúileach** | Radharc leis an dá shúil |
| **Caochspota** | Limistéar nach féidir leis an tiománaí nó úsáideoir bóthair eile a fheiceáil go díreach nó trína gcuid scatháin, ina bhfuil gá iarracht a dhéanamh agus casadh nó breathnú cliathánach chun úsáideoirí bóithre eile a fheiceáil |
| **Pléascán** | Nuair a phléascann bonn le linn tiomána |
| **Forbairt & leathnú** | Colbha a ghobann amach ó thaobh an bhóthair chun trácht a laghdú |
| **Galair chardashoithíoch** | Galair a ghoilleann ar an gcroí agus ar an bhfuil |
| **Oileán meánach lárnach** | Limistéar i lár an bhóthair a roinneann trasrian coisithe ina dhá leath |
| **Néarchóras lárnach** | Inchinn agus corda an dromlaigh |
| **Galair cheirbreashoithíoch** | Galair a ghoilleann ar na fuileadáin san inchinn |
| **Teastas Inniúlachta Ghairmiúil (DIG)** | Teastas go gcaithfidh tiománaithe a bheith acu roimh a thógtar feithicil ar an mbóthar mar shlí bheatha |
| **Bacainn inaistrithe** | Beart um cheansú trachta chun go moilleodh feithiclí agus gluaiseacht idir lánaí tráchta |
| **Glan-Limistéar** | Spás |
| **Imbhualadh** | Tuairt ina bhfuil dhá fheithicil atá ag gluaiseacht bainteach nó feithicil agus rothaí |

| | |
|---|---|
| **Neamhord miótonach comhbheirthe** | Neamhoird ó bhroinn a chruthaíonn deacracht do dhaoine a gcuid matáin a ligean tar éis iad a chrapadh |
| **Boinn crosdualach** | Boinn le cordaí déanta de chruach agus ábhair eile, a thrasnaíonn ag uillinn éagsúla chun taobh an bhoinn agus a thrácht a láidriú |
| **Luasmhoilliú** | Moilliú síos |
| **Lochtanna** | Fabhtaí, cosúil le scatháin bhriste, soilse atá in easnamh agus ar eile |
| **Dioplóipe** | Amharc dúbailte |
| **Tuirling** | Teacht aníos ó (maidir le rothar nó capall go hiondúil) |
| **Díbhéirsiú** | Ag gluaiseacht amach óna chéile, mar shampla trácht atá ag casadh ar thaobh na láimhe deise nuair atá trácht eile ag gluaiseacht díreach ar aghaidh nó trácht atá ag fágáil an mótarbhealaigh |
| **Droichid lompair** | Struchtúir cruach lasnairde trasna débhealaigh chun comharthaí a choinneáil in airde |
| **Garda Síochána** | Fórsa póilíneachta sibhialta náisiúnta |
| **Scáil oileán** | Limistéar ata marcáilte ar an mbóthar a léiríonn an áit a bhuaileann mótarbhealach agus sliosbhóthar lena chéile, cibé an bhfuil an sliosbhóthar ag iontráil nó ag fágáil an mótarbhealaigh |
| **Grádaithe** | Roinnte i gcéimeanna nó leibhéil |
| **Grádú** | Ag gluaiseacht ó chéim amháin go céim eile |
| **Gualainn chrua** | Páirt den mbóthar atá roinnte ag líónte buí briste ón gcuid eile den mbóthar agus nár chóir d'úsáideoirí bóithre áirithe a úsáid i gcásanna áirithe |
| **Marcáil crosghreanta** | Marcanna rachtáin ar an mbóthar a chabhraíonn chun lánaí tráchta a dheighilt |
| **Guais** | Aon rud goo bhféadfaí a bheith mar fhoinse dhainséir ar an mbóthar, cosúil le trácht eile, coisithe nó ainmhithe ag siúl na mbóithre nó ag trasnú an bhóthair, feithiclí ag fágáil taobh-bhóithre nó áiteanna loctha agus ar eile |

| | |
|---|---|
| **Lána laistigh** | An lána is gaire do chiumhais an bhóthair ar thaobh na láimhe clé ar dhébhealach nó mótarbhealach le dó nó trí lána |
| **Meisceach** | Rud éigin gur féidir leis meisce a chur ar dhaoine – i bhfocail eile, éifeacht a bheith aige ar iompar, aireachtáil, giúmar nó airdeall an duine |
| **Carraeireacht neamhbhailí** | Cathaoir rotha, cibé mótarthrealmhaithe nó lámhoibrithe |
| **Tarracóir talún** | Ar a dtugtar 'tarracóir talmhaíochta' go minic, tá na feithiclí seo deartha chun obair ar thalamh i leith oibreacha talmhaíochta, foraoiseachta nó draenála talún agus ní tiomáintear ar an mbóthar iad ach amháin nuair atáthar ag taisteal chuig an nó ón láthair oibre. |
| **Luas** | An córas tram atá ag obair i gcathair Bhaile Átha Cliath agus sna bruachbhailte |
| **Ainlíocht** | Ábaltacht atá ag feithicil, gluaisrothar go coitianta, a suíomh a athrú |
| **Inlíocht** | Aon ghníomh chun stiúrtha nó cúrsa na feithicle a athrú, cosúil le gluaiseacht amach, ag fágáil timpeallán, ag casadh ar chlé nó ar dheis, ag tógáil U-chastaí nó ag cúlú |
| **Spás airmheáin** | Bearna soláthraithe i lár an débhealaigh nó mótarbhealaigh chun ceadú d'fheithiclí trasnú tríd nó casadh isteach ar an mbóthar |
| **Stráicí airmheáin** | Féach spás airmheánach |
| **Cumar** | Ag teacht le chéile, mar shampla trácht ag iontráil mótarbhealach ó shliosbhóthar agus ag teacht le trácht eile nuair atá sé sábháilte amhlaidh a dhéanamh |
| **Móipéid** | Feithicil mhótarthrealmhaithe le dhá bhonn a bhfuil srian uirthi go hiondúil taisteal ag uasmhéid luais de 50-55 km/h murach go bhfuil luasteorainn an bhóthair níos lú ná sin |
| **Toilleadh innill ghluaisrothair** | Toilleadh ciúbach nó cc an innill |
| **Grádú cumhachta gluaisrothair** | Aschur cumhachta an innill |
| **Neamhord miótonach** | Ollídiú na matán |
| **Bóthar náisiúnta** | Débhealach nó mótarbhealach ag nascadh le limistéir uirbeacha |
| **Laistigh** | Taobh na láimhe clé |

| | |
|---|---|
| **Faillí** | Ag teipeadh gníomhú le cúram go mbeifí ag súil leis i gcás áirithe, mar shampla gan clogad a chaitheamh nuair atá gluaisrothar á stiúradh |
| **Modh tiomána oíche (scáthán)** | |
| **Bóthar neamhnáisiúnta** | Bóthar áitiuil nó réigiúnach ag nascadh sráidbhailte agus bailte laistigh den chontae nó dúiche |
| **As cóir** | Ar thaobh na láimhe na deise |
| **Ar rampaí** | Bóithre a shíolraíonn ó bhóithre isteach chuig timpeallán díreach go dtí an chéad slí amach, a chiallaíonn nach gá do thiománaithe atá ag tógáil an chéad slí amach dul ar an timpeallán |
| **Radharceolaí cláraithe** | Radharceolaí/dochtúir na súl atá cáilithe spéaclaí agus lionsaí tadhaill a ordú agus galair na súl a aimsiú |
| **Lána seachtrach** | An lána is gaire do lár an bhóthair ar dhébhealach nó mótarbhealach le dhá lána nó trí lána |
| **Paraipléige** | Cailleadh gluaiseachta sna cosa |
| **Gnáthrothar** | Rothar |
| **Coisithe** | Duine atá ag siúl ar an mbóthar, in aice nó trasna an bhóthair |
| **Tréimhsiúil** | Ar feadh tréimhse ama |
| **Néarchórais imeallaigh** | Néaróga sa chorp lasmuigh den inchinn agus corda an dromlaigh |
| **Ceadúnas** | Cáipéis dlí ag tabhairt cead rud éigin a dhéanamh, mar shampla páirceáil in áit áirithe nó bóithre áirithe a úsáid |
| **Pointí scoite** | Beart um cheansú tráchta ina bhfuil coda den bhóthar cúngaithe d'fhonn luas a laghdú |
| **Treoraí tráchta** | Garda a rialaíonn sreabh na tráchta |
| **Oideas** | Nóta scíofa ó dhochtúir nó ospidéal a dheireann cén leigheasra gur chóir do dhuine tógáil agus cé chomh minic |
| **Príomhbhóthar** | Féach bóthar náisiúnta |
| **Tiománaithe gairmiúla** | Tiománaithe a dhéanann a gcuid ioncaim ó thiomáint, cosúil le bustiománaithe agus tiománaithe cóiste, tiomanaithe tarlaithe agus ar eile |
| **Síceatrópacha** | Rud éigin a bhfuil éifeacht aige ar an inchinn, a chruthaíonn athrú sna mothúcháin, in iompar, airdeall agus aireachtáil |

| | |
|---|---|
| **Boinn gathach (boinn gha-dhualacha)** | Boinn le cordaí déanta de chruach agus ábhair eile made of steel, a ritheann mórthimpeall na dtráchtaí chun iad (na boinn) a láidriú agus ionas go mbeidís ag maireachtáil níos faide |
| **Moilleoir** | |
| **Bealach sábháilte** | Fad sábháilte idir dhá fheithicil ar an mbóthar |
| **Sam Browne** | Crios leathan timpeall na coime mar aon le strapa ag gabháil trasnánach os cionn na gualainne deise |
| **Rialaithe tánaisteacha** | Garis i bhfeithicil nach stiúraíonn gluaiseacht nó coscánú na feithicle, ach a rialaíonn conas mar a fheiceann an tiománaí amach ón bhfeithicil agus conas mar a fheictear an fheithicil; samplaí ná dínéaltóirí, cuimilteoirí agus niteoirí gaothscátha agus guais-soilse |
| **Bóthar den dara grád** | Féach bóthar neamhnáisiúnta |
| **Neamhghluaisteach** | Stoptha, mar shampla i líne tráchta, ag stopsholas nó in áit páirceála |
| **Píobán eala** | An cruth déanta ag gluaiseacht na feithicle nuair a dhruideann tiománaí thar an bpointe ceart chun casadh a thógáil agus tá riachtanas ar an tiománaí dá réir iarracht bhreise a dhéanamh suíomh na feithicle a cheartú leis an gcasadh a chomhlánú |
| **Tacagraf** | Gléas a dhéanann tomhais agus taifead ar luas, fad agus am atá taistealaithe ag feithicil |
| **Dranntiomáint** | Ag tiomáin ró-ghar d'fheithicil os do chomhair amach |
| **Tarpól** | Ábhar canbháis uiscedhíonach úsáidte chun lastas atá á iompar a chlúdach |
| **T-achomhal** | Achomhal ina gcasann mionbhóthar ar phríomhbhóthar chun cruth 'T' a dhéanamh |
| **Trácht (boinn)** | An chuid den mbonn a dhéanann teagmháil leis an talamh |
| **Comhartha teachtaireachta inathraithe** | Comhartha leictreonach ceartdíreach, ina athraíonn an t-ábhar faoi bhóithre agus sábháilteacht ar bhóithre |
| **Airdeallach** | Cúramach, faireach, ag breathnú amach do dhainséar féidearthach ar bith |
| **Feithiclí oibre** | |
| **Géill Slí** | Tug an slí/bealach d'úsáideoirí bóithre eile |